# Cuntas Leithreasa 2025

## Vóta 42

## Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

## Réamhrá

Tá ceanglas orm mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 42 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe i gcabhair, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a chur ar fáil in 2025 as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2024, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €31.028 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

***Aistriú feidhmeanna***

Athainmníodh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta tar éis feidhmeanna a aistriú an 2 Meitheamh 2025 faoi Ionstraim Reachtúil 173/2025.

Choinnigh an Roinn na freagrachtaí uile a bhí aici cheana agus ghlac sí freagracht as feidhmeanna breise a bhaineann leis an nGaeltacht.

Ag cur san áireamh an t-aistriú feidhmeanna agus an Roinn athstruchtúrtha, bhain an meastachán do Vóta na Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta leis an mbliain 2025 ina hiomláine, agus cuirtear an cuntas i láthair ar an mbonn sin i gcomhréir le hAlt 24 den Exchequer and Audit Department Act, 1866.

De bharr an aistrithe feidhmeanna, tá méadú tagtha ar acmhainní na Roinne i dtéarmaí maoinithe, foirne agus cóiríochta.

## Ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin in imlitir 25 de 2025 chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm do thréimhsí cuntasaíochta ag tosú ón 1 Eanáir 2025.

***Dímheas ar shócmhainní caipitil***

Déantar dímheas ar mhaoin, ar fhearas agus ar threalamh agus amúchadh maidir le sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i ndáil le Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir 17 agus Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas na saolréanna ionchais agus na rátaí dímheasa/amúchta gaolmhara do phríomhaicmí sócmhainní caipitil.

| *Aicme sócmhainne* | *Saolré ionchais* | *Ráta dímheasa/ amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bhogearraí | Téarma ceadúnais 2-10 mbliana | 10%-50% |
| Bogearraí a fuarthas/a forbraíodh | 10 mbliana | 10% |
| Foirgnimh | 50 bliain | 2% |
| Troscán agus feistis | 10 mbliana | 10% |
| Trealamh oifige agus TF | 5 bliana | 20% |

***Íocaíochtaí chuig Pobal***

Déantar maoiniú a réamhíoc chuig Pobal maidir le cláir áirithe a sheachadadh ar bhonn gníomhaireachta. Muirearaíodh an líon iomlán a íocadh le Pobal i gcoinne na bhfotheidil sa bhliain (féach nóta 6.3).

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí.

Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú cinnte a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó ar neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach atá sa chóras um rialú inmheánach airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a choinneáil faoi athbhreithniú seasta.

***Seirbhísí comhroinnte***

Is í An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna pá rolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte. I mí Mheán Fómhair 2025, cuireadh córas Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (FSS) an NSSO i bhfeidhm do chliaint na céime 2.1, an vóta seo san áireamh. Tháinig FSS in áit an chórais airgeadais a bhí á úsáid sa Roinn cheana féin, agus ciallaíodh leis sin go raibh dhá chóras cuntasaíochta ar leith i bhfeidhm i rith na bliana cuntasaíochta 2025.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) chomhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna, airgeadais agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta an NSSO go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte, seirbhísí comhroinnt airgeadais, a chur ar fáil don Roinn seo.

Don tréimhse suas go dtí mí Mheán Fómhair 2025, chuir an tIonad Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (Vóta 24) seirbhísí airgeadais comhroinnte ar fáil. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn agus an tIonad Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais. Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24 go raibh na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

Ba thionscadal suntasach bainistíochta athraithe don Roinn é an t-aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais nua an NSSO. Rinneadh pleanáil agus bainistiú cúramach air seo chun a chinntiú go leanfadh timpeallacht na rialuithe airgeadais de bheith éifeachtach. Leanann an Roinn ag obair leis an NSSO maidir leis an aistriú.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na Roinne a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí i bhfeidhm.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaí ag an Roinn lena ngabhann foireann atá oilte go cuí chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaí, atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin chun na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil.

Bhí gníomhaíocht an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí agus an Choiste Iniúchóireachta araon teoranta in 2025 toisc nach raibh Ceannasaí an Iniúchta Inmheánaigh i láthair ar feadh cuid shuntasach den bhliain. Ceapadh Ceannasaí nua ar an Iniúchadh Inmheánach ina dhiaidh sin, i mí na Samhna 2025. Tá an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí ag feidhmiú go hiomlán anois, agus cuireadh buiséad ar fáil chun iniúchtaí a dhéanamh i gcomhpháirt le soláthraithe seachtracha in 2026, d’fhonn tacú le cur i gcrích chlár na bliana 2026.

Ag cruinniú an Choiste Iniúchóireachta an 10 Nollaig 2025, comhaontaíodh go gcuirfí na hiniúchtaí ó phlean iniúchóireachta bliantúil 2025 ar aghaidh go dtí 2026, agus mionathruithe áirithe á ndéanamh orthu.

***Soláthar***

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. €1.675 milliún a caitheadh san iomlán ar earraí, ar sheirbhísí gairmiúla agus ar sheirbhísí eile ar conradh in 2025.

Is é polasaí na Roinne na creataí lárnacha a úsáid a mhéid is féidir, agus dul i dteagmháil leis an OGP maidir le riachtanais níos sainiúla nuair a thagann cásanna den sórt sin chun cinn.

Ní raibh aon chonradh neamhiomaíoch os cionn €25,000 ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus ar na bearta atá ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a leagtar ar bhaill foirne ar leith.

Déanann an Coiste Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú seachtrach ar chreat bainistíochta riosca na Roinne i rith na bliana 2025. De réir thoradh na measúnuithe sin a dhéantar pleanáil agus dáileadh ar acmhainní ionas go ndéantar na rioscaí a bhainistiú ar bhealach inghlactha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is cuí, in am trátha. Deimhním gur sainaithníodh na príomhríoscaí agus na rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na mball den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Mar a tugadh ar aird, ba phróiseas suntasach bainistíochta athraithe laistigh den Roinn é an t-aistriú chuig córas nua FMSS an NSSO. Cuireadh oiliúint chuimsitheach ar an bhfoireann mar chuid lárnach den phróiseas seo. Mar sin féin, chuaigh earráidí maidir le soláthraithe a roghnú laistigh den chóras nua i bhfeidhm ar dhá íocaíocht. Dá bharr sin, eisíodh íocaíochtaí arbh fhiú €9,071 agus €26,048 iad, a bhí beartaithe d’eintiteas amháin, chuig soláthraí eile sa chóras. Earráid dhaonna ba chúis leis seo, agus tá béim láidir á cur ar oiliúint leanúnach.

Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2025 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

**Mary Hurley**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

15 Meán Fómhair 2026

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 42 Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 42 Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 42 Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meán Fómhair 2026

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais**

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail agus an Ghaeltacht

## Cuntas Leithreasa 2025

| | | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 212,714 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | 212,715 | 208,172 | 210,607 |
| B | Forbairt Pobail | | 249,533 | 235,412 | 243,204 |
| C | An tÚdarás Rialála Carthanas | | 6,076 | 5,922 | 5,114 |
| D | An Ghaeltacht | | | | |
| | *Bunaidh* | 106,730 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,200 | | | |
| | | | 108,930 | 98,544 | — |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 575,053 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,200 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **577,254** | **548,050** | **458,925** |
| *Lúide* | | | | | |
| D | **Leithreasaí i gCabhair** | | **39,609** | **63,233** | **41,252** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 535,444 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,200 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **537,645** | **484,817** | **417,673** |

**Farasbarr**

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d’aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 52,828,000 | 3,235,482 |
| Géilleadh iarchurtha | (21,800,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **31,028,000** | **3,235,482** |

**Mary Hurley**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

25 Márta 2026

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

| | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 525,646 | 443,871 |
| Pá | | 19,952 | 13,560 |
| Neamhphá | | 2,452 | 1,494 |
| **Ollchaiteachas** | | **548,050** | **458,925** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **63,233** | **41,252** |
| **Glanchaiteachas** | | **484,817** | **417,673** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | — | | |
| Dímheas | 332 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 13 | | |
| | | 345 | 172 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (3,508) | | |
| Méadú ar ioncam fabhraithe | (7,750) | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 60 | | |
| | | (11,198) | 13,349 |
| **Caiteachas díreach a vótáladh** | | **473,964** | **431,194** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,892 | 1,239 |
| Measchíos | | 742 | — |
| **Glanchostas an chláir** | | **476,598** | **432,433** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí comhghuaillithe comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 42 a d'eascair in áit éigin eile.

| | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 239 | 285 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 164 | 158 |
| Vóta 18 | Oifig Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 634 | 24 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 149 | 134 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce | 256 | 379 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 374 | 259 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 76 | — |
| | | **1,892** | **1,239** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 11,112 | 11,457 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | — | — |
| | | **11,112** | **11,457** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 30,215 | 3,466 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 9,059 | 5,551 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | 26,884 | 19,134 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 579 | 373 |
| | | **66,737** | **28,524** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 1,686 | 1,626 |
| Ioncam Iarchurtha | 2.7 | 779 | 779 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 2,492 | 1,252 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 28,302 | 2,587 |
| | | **33,259** | **6,244** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **33,478** | **22,280** |
| **Glansócmhainní** | | **44,590** | **33,737** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.10 | **44,590** | **33,737** |

## 2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh [a]

| | Foirgnimh | Talamh | Trealamh oifige agus TF | Trealamh | Troscán agus feistis | Crua-earraí agus Bogearraí TF | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 13,352 | — | 783 | — | 188 | — | 14,323 |
| Athrangúcháin | (9,162) | 9,162 | (678) | 443 | — | 235 | — |
| Breiseanna | — | — | — | — | — | — | — |
| Aistrithe isteach | — | — | — | — | 4 | — | 4 |
| Diúscairtí | — | — | (105) | — | (32) | — | (137) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 4,190 | 9,162 | — | 443 | 160 | 235 | 14,190 |
| | | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 2,327 | — | 425 | — | 114 | — | 2,866 |
| Dímheas ar athranguithe [b] | (2,108) | 2,108 | (396) | 203 | — | 193 | — |
| Dímheas don bhliain [b] | 85 | 122 | 76 | 29 | 16 | 4 | 332 |
| Dímheas ar aistrithe | — | — | — | — | 4 | — | 4 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (105) | — | (19) | — | (124) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 304 | 2,230 | — | 232 | 115 | 197 | 3,078 |
| | | | | | | | |
| **Glansócmhainní** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **3,886** | **6,932** | **—** | **211** | **45** | **38** | **11,112** |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 11,025 | — | 358 | — | 74 | — | 11,457 |

Nóta
[a] Baineann costas nó luacháil le roinnt sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

[b] Athrangaíodh sócmhainní talún, a bhí san áireamh roimhe seo le foirgnimh, le linn aistriú na Roinne chuig FMSS an NSSO in 2025. Aistríodh an dímheas carntha a bhain leis na sócmhainní sin ar aghaidh agus muirearaíodh é go dtí an dáta a rinneadh an t-aistriú sonraí. Ós rud é nach ndéantar dímheas ar shócmhainní talún, níor gearradh aon dímheas breise orthu tar éis an athrangaithe.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 585 | 585 |
| Breiseanna | — | — |
| Diúscairtí | (585) | (585) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | — | — |
| | | |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 585 | 585 |
| Amúchadh don bhliain | — | — |
| Diúscairtí | (585) | (585) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | — | — |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **—** | **—** |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | — | — |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh | 106 | 116 |
| An Clár um Sheirbhísí Pobail | 3,048 | 3,028 |
| Tacaíochtaí tuaithe | 1,006 | 961 |
| Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe | 1,166 | — |
| LEADER - fochlár eacnamaíochta tuaithe | 2,039 | 1,371 |
| Riarachán | 175 | 36 |
| Na hOileáin | 1,470 | 39 |
| Tionscnaimh seirbhíse poiblí | 49 | — |
| | **9,059** | **5,551** |

## 2.4 Ioncam fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|---|
| A.5 | LEADER - fochlár eacnamaíochta tuaithe | 6,935 | 2,170 |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 19,760 | 16,748 |
| — | Maoiniú deontais le haisghabháil [a] | 189 | 216 |
| | | **26,884** | **19,134** |

Nóta [a] Aisíocaíochtaí in-aisghabhála maidir le Ciste Cobhsaíochta Covid-19 2020 agus 2021.

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Scéimeanna na bpasanna taistil | 26 | 17 |
| Tionscnamh bia LEADER | — | 17 |
| Fionraí párolla | 542 | 335 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 11 | 4 |
| | **579** | **373** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Fabhruithe a bhaineann le párolla | 1,067 | 604 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | — | 124 |
| Fabhruithe sonracha clár | 619 | 859 |
| Caiteachas riaracháin | — | 29 |
| Fabhruithe eile | — | 10 |
| | **1,686** | **1,626** |

## 2.7 Ioncam iarchurtha

| amhail an 31 Nollaig | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Réamhíocaíocht AE i ndáil le Clár LEADER 2023-2027 | **779** | **779** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| amhail an 31 Nollaig | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 292 | 260 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 230 | 145 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 153 | 51 |
| Cáin bhreisluacha | 70 | 10 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | — |
| An muirear sóisialta uilíoch | 52 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 76 | — |
| | 874 | 466 |
| **Cuntas fionraí** | | |
| Iníocaíochtaí i ndáil le rialú fionraí | 1,509 | — |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 107 | — |
| Bailte Slachtmhara | — | 698 |
| Eile | 2 | 88 |
| | **2,492** | **1,252** |

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 31,028 | 3,235 |
| Géilleadh iarchurtha | 21,800 | — |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (24,526) | (648) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **28,302** | **2,587** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 30,215 | 3,466 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 579 | 373 |
| | 30,794 | 3,839 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (2,492) | (1,252) |
| | **28,302** | **2,587** |

## 2.10 Cuntas an mhaoinithe stáit

| | Nóta | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 33,737 | 47,258 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 537,645 | | |
| Géilleadh Iarchurtha | Cuntas | (21,800) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (31,028) | | |
| Glanvóta | | | 484,817 | 417,673 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 1,892 | 1,239 |
| Caiteachas neamhairgid — measchíos | 1 | | 742 | — |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (476,598) | (432,433) |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig** | | | **44,590** | **33,737** |

## 2.11 Tiomantais

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| amhail an 31 Nollaig | | |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | — | — |
| Cláir deontais neamhchaipitil | 231,159 | 285,453 |
| Cláir deontais chaipitil | 363,885 | 264,923 |
| **Iomlán na gceanglas is infhorfheidhmithe le dlí** | **595,044** | **550,376** |

| **b) Cláir deontais neamh-chaipitil** | **€000** | **€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 285,453 | 231,701 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (237,568) | (198,201) |
| Ceangaltais deontais nua | 183,274 | 251,953 |
| **Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig** | **231,159** | **285,453** |

| **c) Cláir dheontais chaipitil** | **€000** | **€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 264,923 | 256,915 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (234,228) | (236,037) |
| Ceangaltais deontais nua | 333,190 | 244,045 |
| **Iarmhéid deiridh** | **363,885** | **264,923** |

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon chás dlí ann in 2025.

## 2.13 Tionchar na n-athruithe beartas cuntasaíochta

Ag tosú ón 1 Eanáir 2024, tá caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) á gcur chun feidhme ar bhonn céimnithe. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid maoinithe an Stáit i mbliain an chuntais.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhrú saoire [a] | — | (221) |
| Fabhrú párolla [a] | — | (383) |
| | **—** | **(604)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 22,310 | 19,952 | 13.560 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 588 | 609 | 334 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | 288 | 168 | 151 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil | 690 | 515 | 487 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus speansais TF | 1,233 | 600 | 243 |
| vi | Speansais áitribh | 687 | 426 | 173 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde | 279 | 134 | 106 |
| viii | Uachtaránacht an AE | 117 | — | — |
| | | **26,192** | **22,404** | **15,054** |

Rinneadh athanailís ar na figiúirí comparáideacha chun atheagrú 2025 ar fhotheidil riaracháin a léiriú.

#### Athruithe suntasacha

Leagtar amach san nótaí seo a leanas ar na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha (ar a laghad +/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €22.31 milliún; toradh €19.952 milliún*

An t-aistriú feidhme a tharla i rith na bliana 2025 ba chúis den chuid is mó leis an nganntanas caiteachais €2.358 milliún. Bhí líon mór folúntas ag rannóg na Gaeltachta tráth an aistrithe. Tá éagsúlacht áirithe sna costais seo do gach réimse cláir freisin. Tá athmheasúnú déanta ar an gcaoi a ndéanaimid cionroinnt ar chostais na gclár do 2026, i bhfianaise na n-éagsúlachtaí sin.

**iii Oiliúint agus forbairt**

*Soláthar meastacháin €288,000; toradh €168,000*

Leibhéil éilimh a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo, agus an leibhéal folúntais sa réimse a aistríodh chuig an Roinn ba chúis leis an easnamh caiteachais €120,000.

**iv Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil**

*Soláthar meastacháin €690,000; toradh €515,000*

Caiteachas níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis ar roinnt míreanna caiteachais, lena n-áirítear siamsaíocht, seirbhísí poist, soláthairtí oifige agus soláthraithe seachtracha ba chúis leis an easnamh caiteachais €175,000.

**v Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus speansais TF**

*Soláthar meastacháin €1.233 milliún; toradh €600,000*

Méadú ar fhorbairt TF inmheánach, rud a d'fhág gur laghdaíodh an caiteachas ar infheistíocht chaipitil dhigiteach sheachtrach an phríomhchúis a bhí leis an easnamh caiteachais €633,000.

**vi Speansais áitribh**

*Soláthar meastacháin €687,000; toradh €426,000*

Tharla an t-easnamh €261,000 i gcaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar measta mar gheall ar chaiteachas ar áitribh agus ar áiseanna oifige agus ar shuíomhanna i mBéal an Átha agus sna Forbacha araon a bheith níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis mar gheall ar mhoill a bheith ar uasghrádaithe beartaithe.

**vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde**

*Soláthar meastacháin €279,000; toradh €134,000*

Tharla gannchaiteachas €145,000 toisc go raibh an t-éileamh ar sheirbhísí comhairleoireachta in 2025 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**viii Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh**

*Soláthar meastacháin €117,000; toradh €nialas*

Mar chuid d'aistriú feidhme in 2025, sannadh an fo-cheannteideal seo don Roinn seo. Ní raibh aon cheanglas ann tarraingt ón bhfo-cheannteideal sin in 2025.

## Clár A Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha

| | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | 8,674 | 9,991 | 7,831 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,112 | 1,305 | 839 |
| A.3 | Coimisiún Forbartha an Iarthair | | 2,858 | 2,977 | 2,752 |
| A.4 | Tacaíochtaí tuaithe [a] | | | | |
| | *Bunaidh* | 46,031 | | | |
| | *Forlíontach* | 15,001 | | | |
| | | | 61,032 | 58,582 | 47,621 |
| A.5 | LEADER - fochlár eacnamaíochta tuaithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 42,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (15,000) | | | |
| | | | 27,000 | 23,098 | 45,447 |
| A.6 | Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe [b] | | 96,000 | 95,465 | 91,519 |
| A.7 | Na hOileáin | | 16,039 | 16,754 | 14,598 |
| | | | **212,715** | **208,172** | **210,607** |

Nóta [a] A.4 Áirítear le tacaíochtaí tuaithe clár CLÁR, an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (LIS) agus Scéim na Siúlóidí.

[b] A.6 Is éard atá i gceist le hathghiniúint agus forbairt tuaithe ná an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF), an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte (TVRS), agus an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS).

### Athruithe suntasacha

Leagtar amach sa chuid seo a leanas na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha (+/- 5% agus €100,000) i bhfo-cheannteidil neamh-riaracháin.

**A.4 Tacaíochtaí tuaithe**

*Soláthar meastacháin €46.031 milliún; toradh €58.582 milliún*

Ba é an t-éileamh méadaithe faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil ba chúis leis an gcaiteachas breise os cionn an mhéid a bhí curtha ar fáil sa mheastachán.

**A.5 LEADER – fochlár an gheilleagair tuaithe**

*Soláthar meastacháin €42 milliún; toradh €23.098 milliún*

Is clár ilbhliantúil é LEADER agus ní bhíonn na deontais a cheadaítear i mbliain áirithe iníoctha de ghnáth go dtí blianta ina dhiaidh sin. Líon na dtionscadal a cheadaigh grúpaí gníomhaíochta áitiúla faoin gclár nua LEADER 2023-2027 a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ba chúis leis an nganntanas beagnach €19 milliún.

## Clár B Forbairt Pobail

| | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán - pá | 5,953 | 6,477 | 5,654 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 927 | 768 | 641 |
| B.3 | Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach (arna pháirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 23,872 | 23,767 | 21,110 |
| B.4 | SICAP, tacaíochtaí forbartha áitiúil/réigiúnaí (arna pháirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 72,475 | 71,974 | 71,865 |
| B.5 | Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht) | 3,405 | 3,202 | 2,885 |
| B.6 | Tacaíochtaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste | 7,500 | 7,500 | 7,500 |
| B.7 | Bearta na gcuntas díomhaoin | 11,570 | 10,543 | 11,639 |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 7,337 | 9,737 | 6,282 |
| B.9 | Sábháilteacht Uisce na hÉireann | 2,492 | 2,492 | 1,855 |
| B.10 | Forbairt leabharlann agus seirbhís chartlainne | 8,101 | 5,352 | 5,166 |
| B.11 | An Clár um Fheabhsú Pobail | 22,001 | 10,000 | 28,594 |
| B.12 | An Clár um Sheirbhísí Pobail | 55,400 | 58,100 | 52,390 |
| B.13 | Tacaíochtaí nuálaíochta sóisialta ESF | 3,500 | 3,500 | 2,500 |
| B.14 | Tacaíochtaí don Úcráin - ciste pobail | 25,000 | 22,000 | 25,123 |
| | | **249,533** | **235,412** | **243,204** |

### Athruithe suntasacha

Leagtar amach sa chuid seo a leanas na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha (+/-5% agus €100,000) i bhfo-cheannteidil neamh-riaracháin.

**B.5 Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht)**

*Soláthar meastacháin €3.405 milliún; toradh €3.202 milliún*

Moilleanna maidir le cur i bhfeidhm moltaí a d’eascair as athbhreithnithe ar riachtanais oiliúna na hearnála pobail agus deonacha ba chúis leis an easnamh caiteachais €203,000 i gcomparáid leis an soláthar measta. Níl dul chun cinn déanta ina leith seo mar a bhíothas ag súil leis in 2025, ach déanfar amhlaidh in 2026.

**B.7 Bearta cuntais díomhaoine**

*Soláthar meastacháin €11.57 milliún; toradh €10.543 milliún*

An t-éileamh laghdaithe ar chaiteachas i dtaca le bearta a bhí ceadaithe roimhe seo i bPleananna Gníomhaíochta Chiste na gCuntas Díomhaoin ba chúis leis an nganntanas caiteachais €1.027 milliún i gcomparáid leis an soláthar measta.

**B.8 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

*Soláthar meastacháin €7.337 milliún; toradh €9.737 milliún*

Ba mar gheall ar riachtanais chaipitil bhreise ag an SEUPB faoi Chlár PEACE a tharla an méadú €2.4 milliún ar an gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar measta. Cuireadh na hacmhainní breise ar fáil trí choigiltis laistigh de chuid chaipitiúil na forbartha leabharlann.

**B.10 Forbairt leabharlann agus seirbhís chartlainne**

*Soláthar meastacháin €8.101 milliún; toradh €5.352 milliún*

Ba mar gheall ar mhoilleanna ó údaráis áitiúla maidir le tús a chur le hoibreacha caipitil ar thionscadail leabharlainne, nó iad a chur chun cinn, a tharla an t-easnamh caiteachais €2.749 milliún i gcomparáid leis an soláthar measta.

**B.11 An Clár um Fheabhsú Pobail**

*Soláthar meastacháin €22.001 milliún; toradh €10 milliún*

Is mar gheall gur thóg sé níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis tionscadail a thosú agus a thabhairt chun críche ina dhiaidh sin a raibh easnamh caiteachais €12.001 milliún ann i gcomparáid leis an soláthar measta. Aistríodh maoiniú dar luach €11 mhilliún lena úsáid in 2026, agus leithdháileadh an €1 milliún a bhí fágtha ar ORIS trí aistriú cistí.

**B.14 Tacaíocht don Úcráin – ciste pobail**

*Soláthar meastacháin €25 milliún; toradh €22 milliún*

Is mar gheall gur tharla formheasanna níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis in 2025 ba chúis leis an difríocht €3 milliún idir an caiteachas agus an soláthar measta. Táthar ag súil le méadú breise ar an ngníomhaíocht ag údaráis áitiúla in 2026. Tugadh cistiú €3 milliún ar aghaidh lena úsáid in 2026.

## Clár C An tÚdarás Rialála Carthanas

| | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán - pá | 76 | 142 | 75 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 32 | 18 | 14 |
| C.3 | An tÚdarás Rialála Carthanas | 5,943 | 5,749 | 4,999 |
| C.4 | An Binse Achomhairc Carthanas | 25 | 13 | 26 |
| | | **6,076** | **5,922** | **5,114** |

**Athruithe suntasacha**

Ní raibh aon athrúcháin shuntasacha ann (níos mó ná +/- 5% agus €100,000) sa réimse cláir seo.

## Clár D An Ghaeltacht

| | | | | 2025 | 2024 [a] |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán - pá | | 7,607 | 3,342 | — |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,811 | 360 | — |
| D.3 | Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,199 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | *385* | | | |
| | | | 13,584 | 12,289 | — |
| D.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,450 | | | |
| | *Forlíontach* | (700) | | | |
| | | | 14,750 | 11,240 | — |
| D.5 | An Coimisnéir Teanga | | 1,677 | 1,637 | — |
| D.6 | Údarás na Gaeltachta-riarachán | | 16,453 | 16,453 | — |
| D.7 | Údarás na Gaeltachta - caiteachas an chláir reatha | | 7,000 | 7,000 | — |
| D.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,204 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,200 | | | |
| | | | 16,404 | 17,554 | — |
| D.9 | Comhoibriú Thuaidh Theas | | | | |
| | *Bunaidh* | 20,129 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 615 | | | |
| | | | 20,744 | 19,200 | — |
| D.10 | An próiseas pleanála teanga | | | | |
| | *Bunaidh* | 6,700 | | | |
| | *Forlíontach* | 700 | | | |
| | | | 7,400 | 8,810 | — |
| D.11 | Tionscnaimh seirbhíse poiblí | | 1,500 | 659 | — |
| | | | **108,930** | **98,544** | — |

Nóta [a] Cuireadh figiúirí toraidh na bliana 2024 san áireamh faoi Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin.

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist (+/- 5% agus €100,000).

**D.3 Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta**

*Soláthar meastacháin €13.199 milliún; toradh €12.289 milliún*

Ba mar gheall ar mhoill ar thosú tionscadal caipitil níos mó a tharla an t-easnamh caiteachais de €910,000 i gcomparáid leis an soláthar measta. Is fachtóir é an costas méadaithe tógála, chomh maith leis an gcéatadán de na costais a chaithfidh an eagraíocht a chlúdach í féin, i laghdú líon na n-iarratas a fuarthas.

**D.4 Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)**

*Soláthar meastacháin €15.45 milliún; toradh €11.24 milliún*

Ba é an chúis leis an easnamh caiteachais de €4.21 milliún i gcomparáid leis an soláthar measta ná tionscadail chaipitil a bhí beartaithe ach nár tharla i rith na bliana 2025, chomh maith le tionscadail chaipitil eile ó iarratasóirí nár shroich céim na tarraingthe anuas go fóill. Tugadh maoiniú dar luach €3.5 mhilliún ar aghaidh lena úsáid in 2026, agus leithdháileadh an €700,000 a bhí fágtha go dtí fo-cheannteideal D.10 An próiseas pleanála teanga trí aistriú cistí.

**D.8 Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil**

*Soláthar meastacháin €15.204 milliún; toradh €17.554 milliún*

Ba é an dul chun cinn níos tapúla ar an gclár oibreacha caipitil ba chúis leis an méadú €2.35 milliún ar an gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar measta. Cuireadh na hacmhainní breise ar fáil ó choigiltis laistigh de ghné chaipitil na scéimeanna tacaíochta don Ghaeltacht.

**D.10 An próiseas pleanála teanga**

*Soláthar meastacháin €6.7 milliún; toradh €8.81 milliún*

Ba mar gheall ar roinnt tionscadal straitéiseach a bhain le cur i bhfeidhm na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge* a tharla an méadú €2.11 milliún ar an gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar measta. Cuireadh maoiniú ar fáil chun freastal ar an éileamh breise trí choigiltis ó thionscnaimh sa tseirbhís phoiblí agus ó scéimeanna tacaíochta Gaeltachta.

**D.11 Tionscnaimh seirbhíse poiblí**

*Soláthar meastacháin €1.5 milliún; toradh €659,000*

Ba é an chúis leis an nganntanas caiteachais €841,000 i gcomparáid leis an soláthar measta ná caiteachas níos ísle ná mar a bhí beartaithe ar thionscadal a bhí ag soláthar seirbhísí taighde don Roinn; tharla sé seo de bharr fadhbanna a bhain le hearcú foirne agus moill ar thús feachtais mhórscála feasachta, a reáchtálfar anois sa bhliain 2026.

## Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | LEADER - fochlár eacnamaíochta tuaithe | 17,320 | 7,564 | 18,874 |
| 2 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 8,000 | 4,778 | 7,006 |
| 3 | Cuntais dhíomhaoin - caiteachas clár | 11,570 | 9,930 | 11,639 |
| 4 | ESF - An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail | 465 | 38,784 | 2,400 |
| 5 | Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais | 602 | 1,154 | 519 |
| 6 | Ranníocaíochtaí ilghnéitheacha | 1,652 | 1,023 | 814 |
| | | **39,609** | **63,233** | **41,252** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i leithreasaí i gcabhair (ar a laghad +/- 5% agus €100,000).

**1 LEADER – fochlár an gheilleagair tuaithe**

*Soláthar meastachán €17.32 milliún; toradh €7.564 milliún*

Bhí leibhéal laghdaithe íocaíochtaí faoi chlár LEADER an Aontais Eorpaigh i rith na bliana 2025, rud a d’fhág gur tharla laghdú comhfhreagrach ar leibhéal na bhfáltas ón Aontas Eorpach a fuair an Roinn, agus ba é seo ba chúis le ganntanas €9.756 milliún i bhfáltais.

**2 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

*Soláthar meastachán €8 milliún; toradh €4.778 milliún*

Is mar gheall nár eisíodh fáltais a rabhthas ag súil leo in 2025 go dtí 2026 a tharla an ganntanas €3.222 milliún.

**3 Cuntais dhíomhaoine – caiteachas clár**

*Soláthar meastachán €11.57 milliún; toradh €9.93 milliún*

An t-éileamh laghdaithe ar chaiteachas i dtaca le bearta a bhí ceadaithe roimhe seo i bPleananna Gníomhaíochta Chiste na gCuntas Díomhaoin ba chúis leis an nganntanas €1.64 milliún i bhfáltais i gcomparáid leis an soláthar measta. Go ginearálta, léiríonn fáltais na gcuntas díomhaoin an caiteachas sa réimse don bhliain.

**4 ESF An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail**

*Soláthar meastachán €465,000; toradh €38.784 milliún*

Tharla an farasbarr €38.319 milliún i bhfáltais bhreise go príomha toisc go bhfuarthas maoiniú ón AE faoin gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail i mí Mheán Fómhair 2025. Níorbh fhéidir leis an bhfáltas sin a bheith ina chuid de Mheastachán Athbhreithnithe na Roinne do 2025, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024, ós rud é nach raibh an próiseas formheasa ag an AE críochnaithe ag an am sin agus nach raibh sé cinnte go n-aisghabhálfaí na cistí.

**5 Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais**

*Soláthar meastachán €602,000; toradh €1.154 milliún*

Ba é ba chúis leis na fáltais bhreise €552,000 i gcomparáid leis an soláthar measta ná go raibh níos mó fáltais ranníocaíochta ann ón Roinn agus ó ghníomhaireachtaí ná mar a bhíothas ag súil leis.

**6 Ranníocaíochtaí ilghnéitheacha**

*Soláthar meastachán €1.652 milliún; toradh €1.023 milliún*

Bhí easnamh €629,000 i bhfáltais i gcomparáid leis an soláthar measta mar gheall nach bhfuarthas roinnt aisíocaíochtaí a raibh súil leo in 2025 go dtí 2026. I bhfianaise nádúr na bhfáltas seo tá sé deacair iad a mheas.

## 4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasaí i gcabhair agus méideanna airgid thirim a fuarthas sa bhliain. Is ionann ioncam an Vóta agus ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar phrionsabal an fhabhraithe.

| | 2025 |
|---|---|
| | €000 |
| **Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte** | |
| Deontas an Phríomh-Chiste | 484,817 |
| Maoiniú Eorpach a fuarthas | 46,348 |
| Cistiú ó chiste na gcuntas díomhaoin | 9,930 |
| Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais | 1,154 |
| | |
| **Ioncam eile** | |
| Ioncam ilchineálach | 13,551 |
| **Ioncam iomlán** | **555,800** |
| | |
| **Arna léiriú ag** | |
| Iomlán na leithreasaí i gcabhair (nóta 4.1) | 63,233 |
| Deontas an Phríomh-Chiste | 484,817 |
| Méadú ar ioncam fabhraithe | 7,750 |
| | **555,800** |

## 4.3 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2025 | 2024 |
|---|---:|---:|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 16 | 16 |
| Tuarastail Aire a géilleadh ar bhonn deonach | — | 16 |
| Údarás na Gaeltachta – diúscairt scaireanna | 596 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (612) | (16) |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig** | **—** | **16** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| Amhail an 31 Nollaig | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| Roinn | 278 | 210 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 306 | 87 |
| | **584** | **297** |

Nóta [a] Comhdhéanta den fhoireann sna gníomhaireachtaí seo a leanas: An tÚdarás Rialála Carthanas, Coimisiún Forbartha an Iarthair, Sábháilteacht Uisce na hÉireann. Mar gheall ar aistriú feidhme le linn 2025, comhtháthaíodh na comhlachtaí seo a leanas: An Coimisinéir Teanga, Údarás na Gaeltachta, agus an Foras Teanga.

### 5.2 Pá

**Luach Saothair fhoireann na Roinne**

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 18,182 | 12,460 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 117 | 76 |
| Ragobair | 9 | 1 |
| PRSI Fostóra | 1,644 | 1,023 |
| | **19,952** | **13,560** |

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fho-mhírchinn A.1, B.1, C.1 agus D.1.

**Luach Saothair foirne gníomhaireachta**

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 18,140 | 5,176 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 55 | 25 |
| Ragobair | 1 | — |
| PRSI Fostóra | 1,847 | 518 |
| | **20,043** | **5,719** |

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fho-mhírchinn A.3, B.9, C.3, D.5, D.6 agus D.9.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2025 | 2024 |
| | | | € | € |
| **Foireann na roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 8 | — | 4,713 | 24,551 |
| Ragobair | 1 | — | 2,481 | 421 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | — | — | 11,597 |
| **Foireann Gníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 6 | 4 | 24,962 | 17,421 |

## 5.4 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Is mar seo a leanas a bhí líon fostaithe na Roinne a raibh a gcuid sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; seachas ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go dtí | 2025 | 2024 |
| 20,000 | 59,999 | 131 | 112 |
| 60,000 | 69,999 | 49 | 28 |
| 70,000 | 79,999 | 28 | 14 |
| 80,000 | 89,999 | 16 | 8 |
| 90,000 | 99,999 | 22 | 15 |
| 100,000 | 109,999 | 8 | 4 |
| 110,000 | 119,999 | 8 | 4 |
| 120,000 | 129,999 | 7 | 4 |
| 130,000 | 139,999 | 4 | — |
| 140,000 | 149,999 | — | — |
| 150,000 | 159,999 | — | — |
| 160,000 | 169,999 | 1 | 1 |
| 170,000 | 179,999 | — | 1 |
| 180,000 | 189,999 | 2 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 1 | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | 1 |
| 230,000 | 239,999 | 1 | — |

## 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunphá | **236** | **225** |

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim pinsean roimh 95 na státseirbhíse an tOifigeach Cuntasaíochta agus i dtaca leis sin ní théann a chuid teidlíochtaí i dtaobh sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 36 | 28,591 | 20,554 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 1 | 1,659 | 3,655 |

Sa bhreis ar an bplean téarnaimh amháin a bhí i bhfeidhm, fuarthas fiche ró-íocaíocht ar ais go hiomlán in 2025, agus an líon a bhí fágtha idir lámha/le dul chun cinn le linn 2026.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.3 | Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach (arna pháirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) [a] | 15,655 | 15,921 | 13,746 |
| B.4 | SICAP, tacaíochtaí forbartha áitiúil/ réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag gCrannchur Náisiúnta) | 3,006 | 2,911 | 3,045 |
| D.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) [b] | 10,700 | 9,990 | — |
| | | **29,361** | **28,822** | **16,791** |

Nóta [a] Is iad na scéimeanna atá maoinithe i bpáirt ag maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta laistigh de cheannteideal B.3 ná Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha, an Scéim chun Tacú le hEagraíochtaí Náisiúnta agus an Scéim um Fholáireamh do Dhaoine Scothaosta. Ba é an toradh iomlán dóibh sin don bhliain 2025 ná €6.532 milliún, €3.7 milliún agus €7.669 milliún faoi seach.

Tá an Scéim um Fholáireamh do Dhaoine Scothaosta arna maoiniú i bpáirt ag Ciste na gCuntas Díomhaoin, mar gheall ar an leibhéal éilimh atá ann don scéim, agus áirítear sa toradh do na blianta 2024 agus 2025 araon €2.7 mhilliún agus €1.98 milliún faoi seach trí Chiste na gCuntas Díomhaoin, agus tá an farasbarr (i.e. €1.72 in 2025) arna mhaoiniú i bpáirt ag an gCrannchur Náisiúnta.

Úsáidtear na deontais atá maoinithe i bpáirt ag an gCrannchur Náisiúnta laistigh d'fho-mhírcheann B.4 le haghaidh obair nó tionscadail atá lasmuigh de Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail na Roinne ach laistigh den éiteas, agus dírítear ar eagraíochtaí a chuireann tacaíochtaí ar fáil do dóibhsean atá faoi mhíbhuntáiste.

[b] Cuireadh suimeanna olltoraidh An Ghaeltacht 2024 san áireamh i Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin.

### 6.2 Maoiniú AE

Caiteachas faoi fho-mhírchinn A.5 LEADER - tá an fochlár eacnamaíochta tuaithe, tacaíochtaí forbartha áitiúil/réigiúnaí B.4 SICAP (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta), an Clár B.8 um Shíocháin agus Athmhuintearas agus B.13 Tacaíochtaí nuálaíochta sóisialta ESF cómhaoinithe ag an AE.

## 6.3 Íocaíochtaí chuig Pobal

Déanann Pobal roinnt clár deontais a riar nó tacaíonn sé leo thar ceann na Roinne. D'aistrigh an Roinn méideanna ar fiú €85.744 milliún san iomlán iad in 2025 chun tacú leis na tionscadail mar atá leagtha amach thíos.

| | | 2025<br>Réadaithe<br>€000 | 2024<br>Réadaithe<br>€000 |
|---|---|---|---|
| A.1 | Acmhainní daonna – iasacht POBAL | 76 | — |
| A.4 | Tacaíochtaí tuaithe | 1,580 | 2,630 |
| A.5 | LEADER - fochlár eacnamaíochta tuaithe | 1,761 | 2,622 |
| A.7 | Na hOileáin | — | 65 |
| B.3 | Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach (arna pháirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 11,364 | 10,849 |
| B.4 | SICAP, tacaíochtaí forbartha áitiúil/réigiúnaí (arna pháirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,728 | 3,178 |
| B.6 | Tacaíochtaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste | 1,422 | 1,395 |
| B.7 | Bearta na gcuntas díomhaoin | 4,063 | 4,761 |
| B.11 | Clár feabhsúcháin an Phobail | 1,316 | 22,563 |
| B.12 | An Clár um Sheirbhísí Pobail | 58,100 | 52,390 |
| B.13 | ESF- Tacaíochtaí nuálaíochta sóisialta | 2,334 | 2,500 |
| | | **85,744** | **102,953** |

Nóta [a] D'aithin Pobal €15.862 milliún san iomlán atá fós gan caitheamh i ndáil le híocaíochtaí 2025 ón Roinn (€25.437 milliún in 2024 agus €13.93 milliún in 2023). Ag teacht le himlitir 13/2014, glactar iarmhéideanna dá leithéidí sin san áireamh agus íocaíochtaí ina ndiaidh sin á ndéanamh chuig Pobal. Ní áirítear sna méideanna sin íocaíochtaí maidir le costais riaracháin Pobal a bhaineann le seirbhísí a chuirtear ar fáil thar ceann na Roinne.

## 6.4 Díscríobh

| Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh i rith na bliana | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Clár LEADER | 115 | — |
| An Clár um Sheirbhísí Pobail | 39 | — |
| | **154** | **—** |

## 6.5 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | Iomlán 2025 | Iomlán 2024 |
|---|---|---|
| Líon na gcásanna | — | 1 |
| | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | — | — |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/thar ceann na Roinne | | |
| Cúiteamh | — | — |
| Costais dlí | — | 88 |
| **Iomlán** | **—** | **88** |

## 6.6 Calaois agus calaois amhrasta

| amhail an 31 Nollaig | Líon na gcásanna | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|---|
| Calaois amhrasta | — | — | 18 |

## 6.7 Ráiteas faoi iasachtaí le haghaidh tithíocht Gaeltachta

| amhail an 31 Nollaig | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir | 174 | 170 |
| Ús a díscríobhadh | — | — |
| Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh | 3 | 4 |
| Aisíocaíocht príomhshuime | — | — |
| Íocaíochtaí úis | — | — |
| Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig | **177** | **174** |

## 6.8 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha don bhliain 2025 comhdhéanta de choigilteas €21,800,000 milliún i gcaiteachas caipitil sna for-mhírchinn seo a leanas agus tugadh ar aghaidh é go dtí an bhliain 2026.

| | | 2025 | 2024 [a] |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| A.5 | LEADER - fochlár eacnamaíochta tuaithe | 4,300 | — |
| B.11 | An Clár um Fheabhsú Pobail | 5,000 | — |
| B.14 | Tacaíochtaí don Úcráin - Ciste Pobail | 9,000 | — |
| D.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,500 | — |
| | | **21,800** | — |

Nóta [a] Bhí géilleadh iarchurtha €2,200,000 2024 i leith Chlár D An Ghaeltacht i gceist roimhe seo i Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin 2024.